# myclub mywaste

# Malartú Éadaí SPÓIRT

**Is bealach iontach le dramhaíl a laghdú é malartú éadaí agus buataisí spóirt a eagrú. Is féidir le himreoirí d'aois ar bith buntáiste a bhaint as malartú éadaí ach bíonn leas ar leith ag baint leo d'imreoirí óga, ag an aois ag a mbíonn siad ag imeacht as a n-éadaí agus a mbuataisí go tapaidh. Seo a leannas roinnt comhairle maidir le malartú éadaí spóirt a eagrú.**



## An Malartú Éadaí Spóirt a Eagrú

### 1 Éadaí agus Buataisí a Bhailiú

Bailigh na héadaí agus na buataisí uilig le chéile roimh ré – smaoinigh ar áit ar leith agus amanta a leith a eagrú agus a fhógairt do dhaoine lena gcuid éadaí agus buataisí a leagan isteach. Smaoinigh chomh maith ar chúnamh a lorg ó thuismitheoirí nó baill an chlub le cabrú leis an mbailiúchain agus le cúrsaí cumarsáide.

### 2 Caighdeán na n-Éadaí

Ná glac ach le buataisí agus éadaí atá glan agus go mbíonn dea-bhail orthu.

### 3 Cúrsaí Cumarsáide

Bain usáid as na bealaí cumarsaáide agus na bealaí meáin shóisialta atá ag an gclub agus ag foirne an chlub le sonraí na himeachta malartú éadaí a roinnt.

### 4 Sórtáil Agus Eagrúchán

Bíodh na headaí agus na buataisí sortáilte agus eagraithe agaibh roimh ré – beidh sé níos easca mar sin ar bhaill an chlub teacht ar éadaí nó buataisí a oireann dóibh.

### 5 Láthair na h-Imeachta

Bí cinnte go mbíonn a dhóthain spáis ann sa láthair atá roghnaithe agaibh le na héadaí ar fad a eagan amach agus le go mbíonn baill an chlub in ann breathnú tríothu gan stró.

### 6 Éadaí a Bhíonn Fágtha

Bíodh sé socraithe agaibh roimh ré céard a a bheidh á dhéanamh agaibh le na héadaí nó buataisí atá fágtha agus an imeacht malartú éadaí thart. Téigh i dteagmháil le siopaí carthanachta áitiúla roimh ré chun a fhiosrú an nglacfaidís le haon éadaí nó buataisí a bheidh fágtha.

## An Malartú Éadaí Spóirt a chur i bhfeidhm

### 7 Táille ag an Doras

Go minic, beartaíonn clubanna saormhalartú a chur i bhfeidhm, nuair nach mbíonn costas ar bith ar na héadaí nó buataisí spóirt. Uaireanta sna cásann sin socraíonn clubanna ar tháille beag a ghearradh ag an doras – mar shampla, chun airgead a bailiú don chlub nó do charthanacht ar leith.

### 8 An Saormhalartú na Díolachán Atá Ann

Má thograíonn do chlub ar na héadaí agus buataisí a dhíol, in ionad saormhalartú a bheith ann, bígí cinnte go mbíonn sin soiléir dóibh siúd a bhíonn ag tabhairt na héadaí agus na buataisí daoibh. Sa chás sin, smaoinigh ar lascaine a thabhairt d'éinne a leagan isteach éadaí nó buataisí daoibh.

### 9 Sonraí Soiléire

Pé cur chuige a roghnaíonn an club, bí cinnte go mbíonn na sonraí ar fad curth in iúl go soiléir do gach éinne roimh ré.